# Athscríbhinn: Irish By Design

00:01 Tá an dearadh uileláithreach, is dearadh é gach rud timpeall orainn.
00:07 Creidim gur féidir le dearadh cabhrú le domhan níos fearr a dhéanamh, cé go a fhios agam go bhfuil cuma iontach uaillmhianach air sin.
00:14 Ach tá a fhios agam é ó mo thaithí ar dhearadh, dea-chleachtas dearaidh, a chur i bhfeidhm, i gcásanna a bhíonn dian i ndáiríre.
00:24 Sílim gurb é an rud is tábhachtaí go mbeadh dearthóirí ag gabháil do dhioscúrsa níos leithne
00:28 faoin gcineál sochaí atá uainn. Cad iad na cineálacha luachanna atá acu.
00:32 Óir, ar deireadh thiar, tá siad ag fí na gcineálacha luachanna sin trína ndearaí.
00:36 Is cuma más dearadh póstaeir nó irise nó cathaoireach nó tábla nó seirbhís phoiblí a bhíonn i gceist.
00:47 Is iomaí dearadh atá ann, tá dearadh faisin ann agus dearadh grafach agus dearadh táirgí agus dearadh inti.
00:51 Ach bíonn dearadh i ndáiríre i ngach rud.
00:54 Is cuma liom más den lucht oibre thú nó den uasaicme, ní rud é an dearadh atá éagsúil ó thaobh cultúir de ar an gcaoi sin.
01:01 Téann dearadh i bhfeidhm ar gach duine.
01:16 Sílim gurb é sin ceann de na dúshláin is mó atá againn in Éirinn dearmad a dhéanamh den smaoineamh gurb ionann an dearadh agus ceird.
01:22 Ní mór dúinn an réimse a leathnú nuair a labhraímid faoi dhearadh,
01:24 Ba chóir dúinn an mhistéir a bhaint de agus thar rud ar bith eile ba chóir dúinn é a nascadh le comhthéacsanna eile ina mbíonn luach air.
01:30 Is é dearadh agus rud éigin eile a bhíonn ann i gcónaí agus is e an cineál meascán sin de dhearadh móide disciplíní eile,
01: 34 sin an áit a bhfuil an luach iarbhír á chruthú.
01:38 Tá dearadh an-tábhachtach don chúram sláinte, an chaoi ar féidir leis an gcomhshaol cabhrú chun tacú le biseach teacht ar an othar nó teaghlach imníoch, nó go deimhin ball foirne
01:43 Nuair a bhreithníonn tú idirghníomhaíocht aon duine leis an ospidéal is rud scanrúil é, mar sin caithfidh tú tú féin a chur in ait
01:55 an duine agus caithfidh tú an t-eispéireas a dhearadh dóibh ionas go gcuirfear ar a suaimhneas iad
02:00 agus gur féidir leis a bheith chomh taitneamhach agus is féidir.
02:06 Abair má tá duine éigin ag dul a bheith ag seiceáil isteach i roinn na n-othar seachtrach, bheifeá ag féachaint ar an mbealach a aimsiú,
02:12 bheifeá ag féachaint ar an litir choinne a gheobhadh siad. Chomh maith leis an am nuair a thagann siad go dtí an foirgneamh, agus
02:16 Nuair a théann siad suas an ardaitheoir agus a thagann siad chuig cibé áit a bhfuil siad ag dul. Breithneoidh tú i ndáiríre agus tú ag pleanáil na
02:23 timpeallachta fisicí, breithneoidh tú eispéireas iomlán an duine. Ón ealaín ar na ballaí, go dtí an solas
02:27 a bhíonn ag teacht isteach, cad é a chloiseann siad, cad é a fheiceann siad, cad é a bholaíonn siad fiú.
02:31 Is féidir na céadfaí go léir a úsáid chun an t-othar a leigheas i ndáiríre agus iad éirí níos fearr níos tapa.
02:43 Ach de réir dhearcadh an dearaidh tosaíonn tú i ndáiríre ó na daoine iad féin,
02:46 agus téann tú amach tríd an saol i ndáiríre agus tuigeann tú an t-eispéireas laethúil saoil a bhíonn acu.
02:58 Tá an dearadh dóchasach mar, tá a fhios aige gur réiteach é seo.
03:03 Ní mór dúinn ach oibriú tríd an bhfadhb.
03:05 Agus leagann sé amach bealach struchtúrtha córasach le bheith ag obair tríd an bhfadhb sin.
03:14 Baineann an dearadh le gníomhaireacht, go bhfuil gníomhaireacht agam ar fud an domhain, go bhfuil mé in ann nithe a chruthú agus a chomh-chruthú le daoine eile,
03: 21 agus go bhfuil mé in ann an domhan timpeall orm a mhúnlú agus cruth a chur ar an gcaoi ar mhaith liom an domhan a bheith.
03:25 I dtaca liomsa de, is é sin luach an dearaidh, agus sílim go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis sin i sochaí na hÉireann faoi láthair.